# Eleathanach 403

Dé Luain, an 14 Feabhra 2022

### De Hef

Rinne daoine i Rotterdam an cinneadh chun droichead cáiliúil a bhaint anuas. Tá seo ag tarlú ionas gur féidir le luamh ollmhór dul tríd an gcathair. Is é Jeff Bezos Úinéir an luaimh (sórt báid). Tá Jeff i gceannas ar Amazon.

Is é seo an luamh is mó ar domhan. Níl gach duine sásta leis an bplean seo. Níl droichead 'De Hef' in úsáid níos mó. Scriosadh an droichead sa Dara Cogadh Domhanda. Ach tá an droichead tábhachtach fós mar chuid de stair Rotterdam.

Bhí siad ag iarraidh an droichead a bhaint anuas blianta ó shin ach bhí a lán gearán. B'fhéidir go dtarlóidh seo arís.





Tá an t-ioguána seo ina chodladh!






### Lá Fhéile Vailintín

Is féile bhliantúil é Lá Fhéile Vailintín. Bíonn sé ar siúl gach 14 Feabhra. Baineann Lá Fhéile Vailintín le cúrsaí grá.

Is minic a sheolann daoine cártaí Vailintín chuig a chéile ar an lá. Chomh maith leis sin, tugann siad bláthanna nó bronntanais bheaga dá chéile.

Tá an fhéile ainmnithe tar éis fear darb ainm Vailintín. Ba shagart é ón Róimh san Iodáil. Thosaigh an fhéile sa bhliain 496 AD.

Bainigí go léir sult as Lá Fhéile Vailintín!

### Ioguána

Bhí éifeacht ait ag aimsir fhuar le déanaí sna Stáit Aontaithe. In Florida, bhí an teocht an-íseal, agus mar sin, thosaigh ioguánaí ag titim de na crainn.

Bhí rabhadh tugtha amach go mbeadh ioguánaí ag titim. Chuir roinnt daoine pictiúir suas ar na meáin shóisialta. Scríobh duine amháin, 'Tá sé ag cur báistí ioguánaí in Florida'.

Cén fáth ar tharla sé seo? Is ainmhí fuarfhuilteach é an t-ioguána. Faigheann siad teas ón ngrian, ón aer, agus ó rudaí teo timpeall orthu. Nuair a éiríonn an teocht rófhuar, moillíonn coirp na n-ioguánaí agus titeann siad ina gcodladh. Mar sin, thit siad ina gcodladh agus thit siad de na crainn.

Ollscoil Mhá Nuad
Roinn Froebel don Bhun- agus Luath-Oideachas, Ollscoil Mhá Nuad,
Coláiste Mhuire, BÁC 7
An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta